Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5525/21**

**DENLEG 4**
**FOOD 4**
**SAN 30**
**DELACT 11**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 192 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.1.2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí a fhéadfar a chur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 192 final.

---

Faoi iamh: C(2021) 192 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.1.2021
C(2021) 192 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 20.1.2021**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí a fhéadfar a chur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

In Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[1], leagtar síos ceanglais le haghaidh liosta an Aontais, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i ndáil le substaintí a fhéadfar a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia dtagraítear in Airteagal 1(1), is iad sin:

- bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach;
- bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin;
- bia chun críoch speisialta míochaine;
- ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú.

Chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha nó cosaint sláinte tomhaltóirí a chur san áireamh, le hAirteagal 16(1) den Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún an Iarscríbhinn a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe maidir le substaintí a chur le liosta an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir leis an ábhar sin. Is é an Tuairim Eolaíoch ó EFSA maidir le L-meitiolfóláit chailciam mar fhoinse fóláite arna cur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte chun críoch cothaitheacha[2] atá ina bhunús eolaíoch don Rialachán tarmligthe seo.

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit i scríbhinn i gcomhthéacs an Ghrúpa Saineolaithe maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, bia chun críoch speisialta míochaine agus mar ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[3] idir an 20 Eanáir 2020 agus an 31 Eanáir 2020 agus idir an 26 Márta 2020 agus an 10 Aibreán 2020 chomh maith.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tugtar an liosta de chuid an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur leis na catagóirí sonracha bia a chumhdaítear le raon feidhme Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin chun a údarú gur féidir L-meitiolfóláit chailciam a chur mar fhoinse fóláite le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin, ar bhonn comhairle ó EFSA.

---

1 IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

2 An Tuairim Eolaíoch ó Phainéal NDA EFSA maidir le L-meitiolfóláit chailciam mar fhoinse fóláite arna cur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte chun críoch cothaitheacha, Iris EFSA doi: 10.2903/j.efsa.2020.5947

3 Tagairt E02893 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus eintitis chomhchosúla eile.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.1.2021**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí a fhéadfar a chur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirme leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009[4] ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 leagtar síos liosta de chuid an Aontais de shubstaintí a fhéadfar a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin.

(2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 údaraítear faoi láthair gur féidir L-meitiolfóláit chailciam a chur mar fhoinse fóláite le bia chun críoch speisialta míochaine agus mar ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú.

(3) Tar éis iarratas a dhéanamh ina n-iarrtar go n-údarófar freisin L-meitiolfóláit chailciam a úsáid mar fhoinse fóláite i mbainne foirmle do naíonáin, i mbainne foirmle leantach, i mbia gránachbhunaithe próiseáilte agus i mbia do naíonáin, ar na leibhéil is gá chun na ceanglais maidir le comhdhéanamh fóláite a chomhlíonadh, ar ceanglais iad a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais maidir leis na hearraí bia sin, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim a thabhairt maidir le sábháilteacht agus bith-infhaighteacht na substainte sin nuair a chuirtear leis na hearraí bia lena mbaineann í. Sa tuairim uaidh an 27 Samhain 2019[5], tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur foinse í L-meitiolfóláit chailciam óna bhfuil fóláit ar fáil go bitheolaíoch agus go bhfuil sí sábháilte faoi na húsáidtí atá beartaithe agus faoi na leibhéil úsáide atá beartaithe maidir leis an spriocdhaonra, is é sin naíonáin (<12 mhí) agus leanaí óga (12-<36 mhí).

---

4 IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

5 An Tuairim Eolaíoch ó Phainéal NDA EFSA maidir le L-meitiolfóláit chailciam mar fhoinse fóláite arna cur le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte chun críoch cothaitheacha, Iris EFSA, doi: 10.2903/j.efsa.2020.5947.

(4) Measann an Coimisiún go dtugann tuairim an Údaráis forais leordhóthanacha lena shuí nach ábhar imní í L-meitiolfóláit chailciam mar fhoinse fóláite nuair a úsáidtear í i mbainne foirmle do naíonáin, i mbainne foirmle leantach, i mbia gránachbhunaithe próiseáilte agus i mbia do naíonáin ar na leibhéil is gá. Dá bhrí sin, ba cheart L-meitiolfóláit chailciam a chur san áireamh sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 mar fhoinse fóláite sna catagóirí bia sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 609/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.1.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*